An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Foirm C

An Ardteistiméireacht 2020 - Séala na scoile ar mharc measta d'ábhar a ndearnadh staidéar air lasmuigh den scoil

Ba chóir don phríomhoide nó don phríomhoide ionaid an fhoirm seo a chomhlánú sna cásanna seo a leanas:

- tá marc measta á chur ar fáil ag an scoil do scoláire atá ar an rolla sa scoil ach a bhfuil ábhar breise á dhéanamh aige/aici lasmuigh den scoil, agus
- go bhfuil an scoil sásta go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil di chun seasamh leis an marc measta atá á chur ar fáil.

Sa chás nach gcomhlíontar an dara coinníoll thuas, comhlánaigh Foirm D in áit na foirme seo.

D'fhonn an dara coinníoll thuas a chomhlíonadh, ní mór gur thug teagascóir oiriúnach treoir agus go ndearna siad maoirseacht ar fhoghlaim an dalta. Beidh Foirm A comhlánaithe ag an teagascóir sin agus beidh Foirm B comhlánaithe acu sa chás gur theagasc siad níos mó ná dalta amháin ón scoil chéanna. Beidh caidreamh déanta ag príomhoide nó ag príomhoide ionaid na scoile leis an teagascóir sular comhlánaíodh na foirmeacha sin agus i ndiaidh iad a fháil ón teagascóir agus iad a imscrúdú. Léigh an dá cháipéis *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Scoláirí na hArdteistiméireachta 2020* agus *Treoir do na Scoileanna ar Chéatadán Measta a Sholáthar mar Mharc agus Rang-Ordú* chun tuilleadh mionsonraí a fháil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

Ná roinn na marcanna measta ná na hoird rangaithe leis na scoláirí agus ná pléigh do mheasúnú ar mar a n-éireodh leo ar bhealach ar bith.

Mionsonraí faoin scoláire, faoin ábhar agus faoin leibhéal

Ainm an scoláire:	
Scrúduimhir an scoláire:	
Ábhar:	
Leibhéal:	
Uimhir Rolla na Scoile:	
Ainm an Teagascóra:	
An bhfuil an teagascóir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta? Nóta: Ní bunriachtanas é sin.	Tá ☐ Níl ☐

An bunús le glacadh leis an marc measta

Tabhair breac-chuntas ar an mbunús le bailíocht agus sláine an mharc mheasta a tugadh. D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis sin, mar shampla, díospóireacht leis an teagascóir i gceist, faisnéis a bhí ar eolas cheana faoi na ceachtanna i gceist, agus aithne ar an scoláire i gceist.

Marc céatadáin measta

Cuir isteach an marc atá á chur ar aghaidh ag an scoil thar ceann an scoláire. Sa chás gur éagsúil é an marc sin ón marc a thug an teagascóir, níor chóir an marc a leasú go dtí go rachfaí i gcomhairle an teagascóra, agus ba chóir na cúiseanna leis an leasú a thabhairt thíos.

Marc céatadáin measta:	%

An bhfuil an marc seo mar an gcéanna leis an marc a thug an teagascóir?	Tá ☐ Níl ☐
Mura bhfuil, tabhair na cúiseanna leis sin:	

Dearbhú

Dearbhaím:

- Go ndearna mé teagmháil leis an teagascóir roimhe, gur phléigh mé leis/léi cad a bhí i gceist, agus gur chinntigh mé go raibh cóip den dá cháipéis *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Scoláirí na hArdteistiméireachta 2020* agus *Treoir do na Scoileanna ar Chéatadán Measta a Sholáthar mar Mharc agus Rang-Ordú* aige/aici.
- Go bhfuil gach iarracht déanta agam sláine na faisnéise agus an mheastacháin a thugtar a chinntiú.
- Sa chás go bhfuil an t-ábhar céanna ar fáil sa scoil, go bhfuilim sásta go bhfuil an marc measta thuas bunaithe ar chur i bhfeidhm chaighdeáin cosúil leis na cinn arna gcur i bhfeidhm ag an múinteoir/na múinteoirí sa scoil.

Síniú:	Príomhoide ☐ Príomhoide Ionaid ☐	Dáta:

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Sa chás go gcomhlánaítear an fhoirm go digiteach, ní mór í a phriontáil amach agus a shíniú.